28/06/2024

A thuismitheoir/ a chaomhnóir, a chara,

Agus muid ag tarraingt ar dheireadh na bliana acadúla seo, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh go léir as ucht bhur gcuid tacaíochta le linn na bliana seo. Bhí bliain rathúil eile againn ar scoil agus cuid mhór le ceiliúradh againn.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh le mo bhuíochas a ghabháil le foireann na scoile fosta. Leanann siad ar aghaidh bliain i ndiaidh bliana ag obair go dian ag cruthú timpeallacht dhearfach, ardchaighdeán foghlama do bhur bpáistí- go raibh maith agaibh! Ar nóta brónach, tá muid ag fágáil slán lenár gceannaire Naíscoile, Mary, i ndiaidh di bheith linn ar feadh bliain go leith. Ádh mór ort as seo amach Mary!

Tá páistí Rang 7 i ndiaidh slán a fhágáil le Gaelscoil na mBeann i ndiaidh seacht mbliana iontacha sa scoil. Is grúpa aibí iad a chuir go mór le saol na scoile le linn a gcuid ama anseo agus níl aon amhras ann go n-éireoidh go geal leo uilig in Ardscoil Naomh Maolmhaodhóg, i Scoil Ghramadaí Naomh Lughaidh, i gColáiste Shimna agus i Scoil an Chroí Ró-Naofa. Guímid uilig gach rath oraibh amach anseo. Ádh mór oraibh!

Taobh amuigh den tseomra ranga, d’éirigh le peileadóirí na scoile Sciath Mc Kibben a bhaint den chéad uair riamh. Bhí lá iontach againn agus bhí bród an domhain orainn uilig nuair a thóg siad an corn! Bhí foirne peile agus líonpheile na scoile s’againn gnóthach ag deireadh na bliana fosta ag freastal ar chomórtais éagsúla sa cheantar agus líon siad uilig geansaí na scoile le bród! Bhí turas mór ag Rang 6/7 chuig Gaeltacht Thír Chonaill. Ba mhór an taithí é an turas seo dóibh uilig agus tá súil agam go ndéanfar turas mar seo arís sa scoilbhliain úr.

Mar fhocal scóir, seo daoibh thíos liosta na múinteoirí ranga don bhliain seo chugainn:

Naíscoil na mBeann- Múinteoir Corinne
Rang 1a- Múinteoir Emma-Louise
Rang 1b- Múinteoir Claire C
Rang 2/3- Múinteoir Ciara
Rang 4/5- Múinteoir Niamh
Rang 6/7- Múinteoir Claire M

Tá súil agam go mbeidh samhradh deas suaimhneach agaibh uilig. Bainigí sult as na saoire!

Gaelscoil na mBeann / Naíscoil na mBeann
Seoladh: 127A Bóthar Chaisleán Nua, Cill Chaoil, Co. an Dúin, BT34 4NL
Guthán: 028 41258418

*As we approach the end of this school year, I would like to express my gratitude for all of your support throughout the year. We have had another successful year in school with lots to celebrate.*

*I would like to take this opportunity to also thank the school staff. They all work diligently year after year to create a positive, high standard learning environment for your children. Go raibh maith agaibh. On a sad note, we are saying farewell to our Naíscoil leader, Mary who is leaving us after a year and a half. We wish you all the best for the future Mary!*

*Our Rang 7 children are about to bid farewell to Gaelscoil na mBeann after seven fantastic years in the school. They are a mature group who have contributed so much to school life during their time here and we have no doubt that they continue to flourish and succeed in Ardscoil Naomh Maolmhaodhóg, in St Louis' Grammar School, Shimna College and Sacred Heart Grammar, Newry. We wish you all every success in the future. Good luck with everything!*

*Outside of the classroom, our footballers won the Mc Kibben Shield for the very first time. We had a great day and we were all so proud of them when we watched them lift the trophy! Our football and netball teams were busy participating in different tournaments in the area at the end of the year and they all wore the school jersey with pride! Rang 6/7 were lucky to take part in a trip to the Donegal Gaeltacht. This offered amazing experiences and we hope to have a trip like this again next year.*

*Finally, please see below the list of our class teachers for next year:*

*Naíscoil na mBeann- Múinteoir Corinne*
*Rang 1a- Múinteoir Emma-Louise*
Rang 1b- Múinteoir Claire C
*Rang 2/3- Múinteoir Ciara*
*Rang 4/5- Múinteoir Niamh*
*Rang 6/7- Múinteoir Claire*

*I hope you all have a peaceful and enjoyable summer. Enjoy the holidays!*

Le meas,

Mícheál Ó Brádaigh
**Príomhoide/ Principal**

Gaelscoil na mBeann / Naíscoil na mBeann
Seoladh: 127A Bóthar Chaisleán Nua, Cill Chaoil, Co. an Dúin, BT34 4NL
Guthán: 028 41258418